

26 Foirceannadh chiste eascró Apple na hÉireann

- 26.1** Ciste substaintiúil a bhí i gciste eascró Apple na hÉireann a tionóladh faoi théarmaí creata-ghníomhais eascró foirmiúil.¹ Rinneadh an comhaontú idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Apple Sales International Limited (ASI) agus Apple Operations International Limited (dá ngairtear 'Apple' **orthu go comhpháirteach** ina dhiaidh seo).² Cuireadh an ciste ar bun go dtí go bhfaighfear toradh deiridh na n-agóidí dlíthiúla ar thorthaí imscrúdaithe ar státchabhair a rinne an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún).
- 26.2** Rinne an tAire agus Apple comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus ar bhainistiú an chiste. Tharmlig an tAire feidhmeanna chuige sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).
- 26.3** Díscaoileadh an ciste eascró le héifeacht ón 13 Bealtaine 2025. Leagtar amach sa tuarascáil seo an próiseas a bhaineann le foirceannadh an chiste, agus eisíocaíocht na n-acmhainní sa chiste.

Bunús an chiste eascró

- 26.4** I mí an Mheithimh 2014, d'oscail an Coimisiún nós imeachta foirmiúil imscrúdaithe ar thuairimí cánach a d'eisigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) chuig Apple i 1991 agus 2007. Bhí an t-imscrúdú dírithe ar a fháil amach ar thug na tuairimí seo aon bhuntáiste do Apple i gcomparáid lena chuid iomaitheoirí, sa chaoi is gur Státchabhair neamhdhleathach iad.
- 26.5** I mí Lúnasa 2016, d'eisigh an Coimisiún a chinneadh ag rá gur thug Éire Státchabhair mhídhleathach do Apple.³ D'ordaigh an Coimisiún d'Éirinn an Státchabhair líomhnaithe, móide ús, a bhaineann le tréimhse deich mbliana ó 2003 go 2014 a aisghabháil ó Apple. Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim gurbh é €13.1 billiún an Státchabhair líomhnaithe a bhí le bailiú faoi threoir chinneadh ón gCoimisiún, móide ús ar an méid státchabhrach de €1.2 billiún.^{4,5}
- 26.6** Rinne Rialtas na hÉireann agus Apple achomharc ar leithligh i gcoinne chinneadh ón gCoimisiún agus d'aontaigh siad go gcoinneofaí na méideanna aisghafa i gciste eascró go dtí go gcríochnófar an próiseas dlíthiúil. Cheadaigh socrúchán na méideanna aisghafa i gciste eascró do na páirtithe eascró (an tAire agus Apple) a chinneadh i gcomhpháirt conas a infheistíodh na cistí ar feitheamh an chinnidh deiridh.
- 26.7** D'aistrigh Apple €14.3 billiún isteach sa chuntas eascró in 2018.
- 26.8** D'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a breithiúnas críochnaitheach sa chás i Meán Fómhair 2024. Go hachomair, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh 2016 an Choimisiúin gur dheonaigh Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple, rud a bhí de cheangal uirthi a aisghabháil.⁶

1 Leagtar amach sa ghníomhas an comhaontú dlíthiúil mionsonraithe lena rialaítear bailiú cistí ó ASI agus Apple Operations Europe Limited (AOE), agus aon scaoileadh riachtanach ón gciste eascró.

2 I mí Aibreáin 2023, thug Apple faoi atheagrú corparáideach inghrúpa trínar ghlac a mháthairchuideachta chorpraithe Éireannach, Apple Operations International Limited (AOI), AOE faoi fhorálacha ábhartha Achta na gCuideachtaí 2014. De bhun an chumaisc, ghlac AOI cearta, oibleagáidí agus dlíteanais uile AOE.

3 [Cinneadh ón gCoimisiún maidir le Státchabhair SA.38373 an 30 Lúnasa 2016.](#)

4 [Airteagal 9, Caibidil V de Rialachán \(CE\) Uimh 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004.](#) Is é cás Apple an t-aisghabháil Státchabhrach is mó a ordáíodh riamh.


5 Tá méideanna sa tuarascáil seo slánaithe.

6 [Breithiúnas An Choimisiúin v Éire agus Apple 10 Meán Fómhair 2024.](#)

- 26.9** D'ordaigh an Chúirt freisin d'Éirinn agus do Apple a gcostais féin a íoc sna himeachtaí dlí, agus na costais a thabhaigh an Coimisiún a íoc. Tabhaíodh táillí de thart ar €10.3 milliún a bhain le costais dlí na hÉireann, lena n-áirítear sainchomhairle don chás chomh maith leis na costais a bhain le haisghabháil an Státchabhrach móide ús.

Feidhmíocht an chiste eascró

- 26.10** Ullmhaíodh ráitis airgeadais an chiste eascró de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar a d'ordaigh an tAire. Rinneadh sócmhainní airgeadais uile an chiste eascró a luacháil sna ráitis airgeadais ar luach cóir, is é sin an luach margaidh luaite ag deireadh na trádála ar an dáta deiridh tréimhse.
- 26.11** Leagadh amach sa bheartas infheistíochta na prionsabail agus na paraiméadair infheistíochta comhaontaithe don chiste eascró. Ba é cuspóir an bheartais infheistíochta luach caipitiúil an chiste a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise na gcoinníollacha margaidh a bhí i réim. Ba é an inghlacthacht riosca comhaontaithe maidir leis an gciste eascró ná 'íseal', agus níor ceadaíodh infheistíochtaí ach amháin i gcineálacha urrús a bhfuil leibhéal íseal riosca bunúsach acu, amhail urrúis ioncaim sheasta adráta a mhairfidh gearrthéarmach agus meántéarmach.
- 26.12** I gcomhréir leis an mbeartas infheistíochta, infheistíodh an ciste eascró in urrúis ioncaim sheasta ard-rátáilte ainmnithe in euro nó coinníodh é mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Áirítear le hurrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, garcheannasaithe agus corparáideacha. Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile (le haibíochtaí trí mhí nó níos lú).
- 26.13** Tháinig laghdú ar luach an chiste gach bliain ó 2018 go 2022 san áireamh (féach Fíor 26.1). Bhí sé seo mar gheall go príomha ar
- Choigeartuithe tríú tír in 2019 agus 2021 ar luach €455 milliún — bhain siad seo le cásanna inar ceanglaíodh ar Apple cánacha a íoc i ndlínse eile i leith cuid de na brabúis a bhí faoi réir an chinnidh Státchabhrach. Chinn an tAire bailíocht na n-iarratas coigeartaithe tríú tír a rinne Apple de réir an ghníomhais chreata eascró. Comhaontaíodh na coigeartuithe tríú tír a rinneadh leis an gCoimisiún.
 - Laghduithe ar luach margaidh na n-urrús. Sa tréimhse 2018 go 2021, chaill an ciste luach iomlán de €172 milliún, rud a léiríonn an timpeallacht ráta úis diúltach agus torthaí diúltacha ag an am sin. In 2022, thosaigh an Banc Ceannais Eorpach ag ardú rátaí, rud a d'fhág gur tháinig laghdú €253 milliún ar luach margaidh de réir mar a thit praghsanna (agus méadú ar thorthaí) ar fud na margaí ioncaim sheasta domhanda.
- 26.14** Mhéadaigh glansócmhainní an chiste €881 milliún sa tréimhse 2023 go 2025 mar gheall ar an timpeallacht ráta úis níos airde, agus an t-ioncam méadaithe go príomha mar gheall ar ath-infheistiú i sócmhainní ag torthaí níos airde.
- 26.15** Thabhaigh an ciste eascró costais oibriúcháin de €5 milliún ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta scoir an 13 Bealtaine 2025. Baineann siad seo go príomha le táillí bainisteoirí infheistíochta agus táillí gníomhaire/taisceánaigh eascró. B'ionann na costais oibriúcháin thar shaolré an chiste agus €42 milliún.

Fíor 26.1 Gluaiseacht i nglansócmhainní an chiste — 2018 to 2025^a

Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Escrow Apple na hÉireann, 2018 go 2025

Nóta: a Baineann figiúr 2024/2025 leis an tréimhse 1 Eanáir 2024 go 13 Bealtaine 2025.

Measúnuithe cánacha

26.16 Tar éis don Chúirt Bhreithiúnais a breithiúnas deiridh a eisiúint i Meán Fómhair 2024, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim measúnuithe cánach corparáide aonair ar bhrabúis Apple a bhaineann leis na tréimhsí cuntasafóidh ó 2003 go 2014. Reáchtáladh cruinnithe rialta idir na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Airgeadais, an NTMA agus le comhairleoirí Apple chun comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas chun na measúnuithe a eisiúint agus aistrithe a dhéanamh ón gciste.

26.17 Eisíodh measúnuithe cánach arbh fhiú beagnach €11 billiún iad idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2024. Eisíodh na measúnuithe eile ar luach €1.7 billiún i mí Eanáir 2025. San iomlán, eisíodh measúnuithe ar luach €12.7 billiún.

Díscaoileadh an chiste eascró

26.18 Tá sé ráite ag an Roinn agus ag an NTMA gur cuireadh na haistrithe i gcrích faoin meicníocht a fhorordaítear sa chreat-ghníomhas eascró.

26.19 In oirchill chinneadh deiridh na cúirte agus díscaoileadh pras an chiste dá bharr, aistríodh sócmhainní an chiste de réir a chéile chuig airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim le linn 2024. I mí Mheán Fómhair 2024, coinníodh sócmhainní iomlána de €14.165 billiún sa chiste eascró, as ar infheistíodh thart ar 45% i sócmhainní airgeadais agus 55% i seilbh airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim.

26.20 Mar gheall ar phróifíl aibíochta na sócmhainní, tarraingíodh siar na cistí ón gcuntas eascró thar thréimhse seacht mí idir Deireadh Fómhair 2024 agus Bealtaine 2025. Socraíodh na measúnuithe a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim de réir mar a cuireadh i láthair iad. Taisceadh na fálaí chuig cuntas na gCoimisinéirí Ioncaim sular aistríodh go pras iad chuig Lárchiste an Stáitchiste mar fhálaí chánach corparáide.

- 26.21** Tar éis táillí agus speansais oibriúcháin a íoc, aistríodh iarmhéid an chiste (€1.567 billiún) go díreach chuig Lárchiste an Státchiste, mar fháltais neamhchánach. Rinneadh an t-aistriú trí roinnt aistrithe airgid thirim in 2025, agus tharla an t-aistriú deiridh an 9 Bealtaine 2025.
- 26.22** Ullmhaíodh cuntais deiridh don chiste eascró a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir 2024 go 13 Bealtaine 2025 — dáta scoir an chiste. Dúnadh an ciste le hiarmhéid nialasach le héifeacht ón 13 Bealtaine 2025 (féach Fíor 26.2).

Fíor 26.2 Ciste eascró Apple 2018 – 2025

Gníomhaíocht ciste	€m	€m
Aistriú Apple isteach sa chiste — cáin	13,131	
Aistriú Apple isteach sa chiste — ús	1,154	14,285
<i>Lúide</i>		
Coigeartuithe tríú tír (aistarraingtí)		(455)
		13,830
Measúnuithe cánacha a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim		(12,677)
Costais oibriúcháin (2018 – 2025)		(42)
Glanathruithe ar luach cóir sócmhainní airgeadais		456
Ar fáil le haistriú chuig an Státchiste		1,567
Iomlán an chiste amhail an 13 Bealtaine 2025		—

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta